Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith L

2025/551

24.4.2025

**CINNEADH Ó CHOMHCHOISTE LEE Uimh. 283/2024**

**an 6 Nollaig 2024**

**lena leasaítear Iarscríbhinn II (Rialacháin theicniúla, caighdeáin, tástáil agus deimhniú) a ghabhann le Comhaontú LEE [2025/551]**

TÁ COMHCHOISTE LEE,

Ag féachaint don Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch ('Comhaontú LEE'), agus go háirithe Airteagal 98 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/2564 ón gCoimisiún an 19 Meitheamh 2024 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le haicmiú agus lipéadú comhchuibhithe substaintí áirithe ([1]), tá sé le hionchorprú i gComhaontú LEE.

(2) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn II a ghabhann le Comhaontú LEE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Cuirtear an fhleasc seo a leanas isteach i bpointe 12zze (Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle) de Chaibidil XV d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Comhaontú LEE:

'- **32024 R 2564**: Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/2564 ón gCoimisiún an 19 Meitheamh 2024 (IO L, 2024/2564, 30.9.2024).'

*Airteagal 2*

Is téacs barántúil a bheidh i dtéacs Rialachán Tarmligthe (AE) 2024/2564 san Íoslainnis agus san Ioruais, téacs atá le foilsiú i bhForlíonadh LEE d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an 7 Nollaig 2024, ar choinníoll go mbeidh na fógraí uile de réir Airteagal 103(1) de Chomhaontú LEE tugtha (*).

*Airteagal 4*

Foilseofar an Cinneadh seo i Roinn LEE, agus i bhForlíonadh LEE, d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 6 Nollaig 2024.

*Thar ceann Chomhchoiste LEE*

*An tUachtarán*

Anders H. EIDE

([1]) IO L 2024/2564, 30.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2024/2564/oj.

(*) Ní shonraítear aon cheanglas bunreachtúil.